Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Meán Fómhair 2024
(OR. en)

13105/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0370(COD)**

**CODEC 1767**
**COMPET 879**
**BETREG 25**
**ENT 170**
**MI 777**
**PECHE 337**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013, Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais tuairiscithe áirithe (**an chéad léamh**)<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 17 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagail 43(2) agus 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 13 Nollaig 2023[2].

3. An 28 Feabhra 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa an seasamh uaithi ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún (gan athbhreithniú dlítheangeolaíoch). Tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur ar an téacs a glacadh, d'fhormheas an Pharlaimint ceartúchán a rinneadh ar an seasamh sin le linn an tseisiúin iomlánaigh a bhí aici ón 16 go dtí an 19 Meán Fómhair 2024. Is léiriú é sin ar an gcomhréiteach ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle[3].

[1] 15897/23.
[2] IO C, C/2024/1587, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1587/oj.
[3] 13746/24.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 58/24 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an tSlóvaic ag vótáil ina choinne.

5. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.